**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0012/2024**

29.1.2024

*******

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile
(15958/2023 – C9-0468/2023 – 2023/0338(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Alessandra Mussolini

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....................................................................................................................8

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA ............................................10

LITIR ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..........16

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ...................................................................18

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........19

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile**
**(15958/2023 – C9-0468/2023 – 2023/0338(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15958/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (13573/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0468/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4) agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0012/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na Céinia.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile ('CCE AE-na Céinia'), cur chun feidhme déthaobhach a dhéanamh ar fhorálacha CCE idir AE agus Stáit Chomhpháirtíochta EAC (an Bhurúin, an Chéinia, Ruanda, an Tansáin, agus Uganda), 'CCE AE-EAC', ar tugadh an chaibidlíocht ina leith chun críche an 16 Deireadh Fómhair 2014. Níor cuireadh CCE AE-EAC réigiúnach i bhfeidhm go sealadach riamh, ós rud é nár shínigh comhaltaí uile EAC an comhaontú agus nár dhaingnigh siad é, rud a bhí ina cheanglas de chuid CCE AE-EAC maidir lena theacht i bhfeidhm.

I mí Feabhra 2021, rinneadh cinneadh i nGnáthchruinniú Mullaigh EAC na gCeann Stáit cead a thabhairt do thíortha aonair EAC dul ar aghaidh le cur chun feidhme déthaobhach CCE AE-EAC faoi phrionsabal na 'geoiméadrachta athraithí'. An 4 Bealtaine 2021, thug an Chéinia fógra don Choimisiún Eorpach inar iarr sí dul chun cinn sa chomhthéacs sin. An 17 Feabhra 2022, shínigh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Valdis Dombrovskis, thar ceann an Aontais, agus an tAmbasadóir Raychelld Omamo, thar ceann na Céinia, Ráiteas Comhpháirteach ar imeall an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach inar comhaontaíodh caibidlíocht maidir le CCE AE-na Céinia a chur chun cinn, a bheidh fós ar oscailt do Stáit Chomhpháirtíochta eile de chuid EAC.

Tugadh an chaibidlíocht idir an tAontas agus an Chéinia chun críche an 19 Meitheamh 2023 ar an leibhéal polaitiúil, arbh é ab aidhm di na coigeartuithe is gá a thabhairt isteach chun forálacha CCE AE-EAC a chur chun feidhme go déthaobhach.

Tá forálacha in CCE AE-na Céinia maidir le trádáil earraí, custaim agus éascú trádála, bacainní teicniúla ar thrádáil, bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, talmhaíocht agus iascach, comhar um fhorbairt, seachaint agus réiteach díospóidí, agus iarscríbhinn maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD). Áirítear sa Chomhaontú freisin dhá Ráiteas Chomhpháirteacha i dtaca le hinfheidhmeacht na bhforálacha maidir le TSD agus le Rialacha Tionscnaimh faoi seach.

Rinneadh CCE AE-na Céinia a chomhtháthú go sainráite mar phríomhsprioc den idirphlé straitéiseach idir an tAontas agus an Chéinia, a seoladh i mí an Mheithimh 2021, agus is cuid ríthábhachtach é de straitéis rannpháirtíochta an Aontais don Afraic. Beidh sé fós ar oscailt d'aontachas Stát Comhpháirtíochta eile de chuid EAC.

Déanfar athbhreithniú ar an gComhaontú 5 bliana tar éis dháta a theacht i bhfeidhm agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin. Áirítear ann gealltanas dul i mbun caibidlíochta maidir le réimsí nua atá le cur san áireamh ann ('clásal *rendez-vous*'), lena n-áirítear forálacha maidir le trádáil i seirbhísí, agus rialacha a bhaineann le trádáil lena dtugtar aghaidh ar fhorbairt inbhuanaithe, beartas iomaíochta, infheistíocht agus forbairt san earnáil phríobháideach, cearta maoine intleachtúla agus trédhearcacht sa soláthar poiblí. Tá sé beartaithe torthaí na caibidlíochta maidir leis na réimsí sin a chur isteach laistigh de 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

8.12.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaigh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile
0000/2023 – C9-0000/0000 – 2023/0338(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Tomas Tobé

## RÉASÚNÚ GEARR

An 19 Meitheamh 2023, thug an Chéinia, an chéad Chomhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir (EAC), an chaibidlíocht maidir le comhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche (CCE) i gcrích leis an Aontas.

Ba é an cuspóir bunaidh CCE a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích leis an Aontas lena gcumhdaítear tíortha comhpháirtíochta uile EAC ('ó bhloc go bloc', CCE AE-EAC): Go ginearálta, déantar CCEnna a chaibidliú le bloic réigiúnacha seachas le tíortha aonair chun comhtháthú réigiúnach a chothú, rud a chabhródh le forbairt na dtíortha lena mbaineann. Mar sin féin, tá tuairimí éagsúla ag tíortha comhpháirtíochta EAC maidir le CCE AE-EAC, agus chuir sé sin bac ar an dul chun cinn.

Murab ionann agus stáit chomhpháirtíochta eile EAC, ní tír is lú forbairt í an Chéinia a thuilleadh agus, dá bhrí sin, is spéis léi comhaontú a thabhairt i gcrích chun rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar mhargadh an Aontais a choinneáil. I bhfianaise an mhéid sin, chomhaontaigh stáit chomhpháirtíochta eile EAC i mí Feabhra 2021 go ndéanfadh an Chéinia CCE déthaobhach a chaibidliú leis an Aontas, go dtí go ndéanfar dul chun cinn maidir le CCE ar fud EAC.

Is í an Chéinia an comhpháirtí trádála is tábhachtaí de chuid an Aontais i measc thíortha comhpháirtíochta EAC, arb ionann í agus beagnach leath d'allmhairí an Aontais ó EAC agus níos mó ná leath dá honnmhairí chuig EAC.

Tá an CCE idir AE agus an Chéinia bunaithe den chuid is mó ar dhréacht CCE AE-EAC. Ciallaíonn sé sa chleachtas go ndéantar dréacht-CCE AE-EAC a chur chun feidhme go déthaobhach idir an tAontas agus an Chéinia.

Ó thaobh ábhair de, is comhaontú earraí amháin é ach tá 'clásal *rendez-vous*' ann, lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Páirtithe caibidlíocht a thabhairt i gcrích maidir le trádáil seirbhísí agus saincheisteanna eile a bhaineann le trádáil laistigh de chúig bliana ó theacht i bhfeidhm CCE. Déanann CCE foráil maidir le solúbthacht tríd an bhféidearthacht cánacha

onnmhairiúcháin sealadacha a thabhairt isteach. Ceadaíonn sé rochtain neamhshiméadrach ar an margadh do tháirgí EAC. Áirítear ar chuspóirí an chomhaontaithe, *inter alia*, tagairtí don fhorbairt inbhuanaithe, don lánpháirtiú réigiúnach agus don dea-rialachas.

Is é is aidhm do cholún cuimsitheach forbartha CCE aghaidh a thabhairt ar dhúshláin oiriúnaithe chomhpháirtithe EAC trí thacaíocht a thuar maidir le hacmhainneacht a fhorbairt agus claochlú struchtúrach a chothú. Luaitear ann freisin go dtabharfar tús áite, le maoiniú a bhaineann le comhar um fhorbairt, do chur chun feidhme an chomhaontaithe seo, ag féachaint leis na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo a uasmhéadú. Aithníonn CCE freisin na caillteanais fhioscacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar chéimniú amach taraifí. Geallann an tAontas go n-íocfaidh sé as na caillteanais sin go idirthréimhseach agus, ag an am céanna, go rachaidh sé i mbun idirphlé feabhsaithe maidir le saincheist na n-athchóirithe fioscacha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feabhas san CCE idir an tAontas agus an Chéinia i gcomparáid leis an dréacht-chomhpháirtíocht eacnamaíoch bhunúsach CCE AE-EAC a mhéid a áirítear ann iarscríbhinn ina bhfuil forálacha ceangailteacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD), agus sásra trédhearcach um réiteach díospóidí.

Ar an drochuair, ní fhoráiltear aon ról do pharlaimintí i bpróiseas faireacháin CCE. Ar an taobh eile, déanann CCE foráil maidir le comhchoiste comhairleach chun idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na hearnála príobháidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha. Is féidir leis an gcomhchoiste comhairleach é féin a fhógairt maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoin CCE.

Is beag an tairbhe a dhéanann comhaontú muna gcuirtear i bhfeidhm é. Dá bhrí sin, cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sásra faireacháin éifeachtach lenar féidir constaicí cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus cuidiú le haghaidh a thabhairt orthu. Tá tacaíocht airgeadais iomchuí do thíortha comhpháirtíochta chomh tábhachtach céanna chun cabhrú leo forálacha trádála agus forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear a n-oibleagáidí idirnáisiúnta, dá dtagraítear in Iarscríbhinn V de CCE. Ba cheart ábhair imní maidir leis an bhforbairt a bheith ina ngné ríthábhachtach de chur chun feidhme CCE i gcónaí agus ba cheart iad a bheith mar bhonn eolais do ghníomhaíochtaí uile an Aontais, i gcomhréir lena oibleagáidí PCD.

Creideann an Rapóirtéir, ar an iomlán, go bhfuil sé d'acmhainn ag CCE forbairt agus fás cuimsitheach agus inbhuanaithe a spreagadh sa Chéinia agus i réigiún comharsanachta EAC freisin.

******

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don dréachtchinneadh ón gComhairle togra le haghaigh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile.

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Title** | Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach den pháirt eile |
| **Tagairtí** | 2023/0338(NLE) |
| **An Coiste atá Freagrach** | INTA |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tomas Tobé<br>25.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 10<br>–: 4<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Stéphane Bijoux, Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Caroline Roose, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Jarosław Duda, Aušra Maldeikienė |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 10 | + |
|---|---|
| PPE | Jarosław Duda, Aušra Maldeikienė |
| Renew | Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud, Charles Goerens |
| S&D | Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Carlos Zorrinho |

| 4 | - |
|---|---|
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Caroline Roose |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

24.1.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

An tUasal Bernd Lange
Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an gcinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (2023/0338(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

Tagraím don togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an gCéinia [2023/0338 (NLE)].

Rinne an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe breithniú ar an ábhar ag a chruinniú an 24 Eanáir.

Chomhaontaigh an coiste le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe thuasluaite leis an gCéinia agus d’iarr siad orm a thuairim a chur in iúl duit de bhun Riail 56.

Is mise, le meas,

Norbert Lins

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, de pháirt, agus an tAontas Eorpach den pháirt eile |
| **Tagairtí** | 15958/2023 – C9-0468/2023 – 2023/0338(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 18.12.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>25.1.2024 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE AGRI<br>25.1.2024 25.1.2024 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Alessandra Mussolini<br>24.10.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 2<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Markéta Gregorová, Roman Haider, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Ernő Schaller-Baross, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Michiel Hoogeveen, Włodzimierz Karpiński, Liudas Mažylis |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Lucia Vuolo |
| **Dáta don chur síos** | 29.1.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 32 | + |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Dominik Tarczyński, Jan Zahradil |
| ID | Paolo Borchia, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Tiziana Beghin, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Daniel Caspary, Włodzimierz Karpiński, Gabriel Mato, Liudas Mažylis, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Izaskun Bilbao Barandica, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Domènec Ruiz Devesa, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |

| 2 | - |
|---|---|
| An Chlé | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |

| 5 | 0 |
|---|---|
| NI | Carles Puigdemont i Casamajó |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh